Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach

## Ag cur Deireadh le Foiréagan agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann

Ullmhaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

# Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach

## Ag cur Deireadh le Foiréagan agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann



# Clár


Torthaí Lárnacha 6
Réamhrá agus Forléargas 9
- Comhthéacs 9
- An Próiseas 9
- Riachtanas Náisiúnta do Fhreagra Earnála 10

CREAT D'IAO IN ÉIRINN 11
- Fráma Córas-Uile 11
- Cultur Institiúideach 12
- Struchtúir agus Próisis Institiúideacha 12
- Tionscnaimh Spriocdhírithe 12
- Taighde 12
- Barr Feabhais agus Nuálaíocht A Spreagadh 13

PRÍOMHSHAINMHÍNITHE 14
- Toiliú Gnéasach 14
- Sláinte Ghnéasach 14
- Mí-Iompar Gnéasach 14
- Éigniú agus Ionsaí Gnéasach 15
- Cur Chuige Eolach Ar Thráma 15

CUSPÓIRÍ AGUS TORTHAÍ AN CHREATA 16
- Cuspóirí an Chreata 16
  - D'iao 16
  - Úao / Roinn 16
  - Do Bhaill Foirne Iao 17
  - Do Mhic Léinn 17
- Torthaí an Chreata 17
  - Cultur Institiúideach 17
  - Próisis Institiúideacha - Taifeadadh 18
  - Próisis Institiúideacha - Polasaí 18
  - Tionscnaimh Spriocdhírithe 18

CULTUR INSTITIÚIDEACH 19
- Cultúr institiúdeach a choincheapadh 19
- Fiosrúcháin A Láimhseáil 19
- An Cultúr Ceart A Fháil I Suíomh Éireannach 21
  - Feiceálacht 21
  - Trédhearcacht 22
  - Leanúnachas 22
  - Sláine 23
  - Cur Chuige Dírithe Ar An Mac Léinn 23
  - Ó Luachanna Go Cleachtais 24
  - Tacaíocht Maidir Le Sláinte Ghnéasach Agus Cabhair A Lorg 25

TREOIRLÍNTE 26
- Oiliúint Agus Oideachas 26
- Teachtaireachtaí Leanúnacha 27
- Tionscnaimh Scoil/Aonad-Bhunaithe 27
- Seirbhísí Do Mhic Léinn 27
- Cúram Agus Tacaíocht 27
- Próisis Maidir Le Gearáin 28
- Monatóireacht Agus Meastóireacht 28

Aguisín 1 Tagairtí 29
Aguisín 2 Ballraíocht Ghrúpa 30

# Réamhrá ón Aire

Mar an chéad Aire Ardoideachais, aithním ról agus freagracht an Rialtais maidir lecosaint a thabhairt do mhic léinn agus foireann inár n-institiúidí ardoideachais ón gcineál iompar dochrach a fheidhmíonn mar bhaicinní ar a sábháilteacht agus a rannpháirtíocht ghníomhach i saol an choláiste. Tá dualgas earnáil phoiblí orainn i dtaobh na foirne agus na mac léinn chun cosc a chur ar leithcheal, comhionannas a chur chun cinn, agus tacú le cearta daonna, agus is é sin an fáth go nglacaimid go dáiríre le ciapadh agus foréigean gnéasach inár n-institiúidí ardoideachais.

Tá tionchar ag foréigean agus ciapadh gnéasach ar gach cuid den tsochaí, ach tá an earnáil ardoideachais in áit den scoth leis seo a athrú. Is ceannairí agus smaointeorí na todhchaí iad siúd atá ag siúl na ndorchlaí agus ag suí i léachtlanna ár n-institiúidí ardoideachais. Múnlóidh a n-ionchur na glúnta atá le teacht. Trí luachanna dínite, measa agus comhionannais a spreagadh, táimid ag cur taca faoi thodhchaí gheal, shábháilte agus atá níos cothroime don tsochaí ar fad.

Ar an 4ú Deireadh Fómhair, chruinnigh mé ceardlann i gCaisleáin Bhaile Átha Cliath le cloisteáil dom féin ó mhic léinn, acadóirí, An Garda Síochána agus lucht gairme ag obair inár nAonaid Tráma Gnéasach, maidir leis na bagairtí suntasacha, reatha atá ann maidir le sláinte ghnéasach ár mac léinn ardoideachais. Tuigimid gur fírinne iad ciapadh agus foréigean gnéasach gur gá an iomarca acu siúd inár n-institiúidí aghaidh a thabhairt orthu, ach go háirithe mná. Thuairiscigh triúr as deichniúr bean in institúidí ardoideachais na hÉireann gur mhothaíodar ciapadh nó imeaglú gnéasach, agus d'fhualaing duine as gach ceathrar acu teagmháil fhisiciúil neamh-inmhianaithe.[1]

Díreach i ndiaidh na ceardlainne sin, bhunaigh mé Sainghrúpa Toilithe. B'é mo dhúshlán dóibh ná plean oibre a chruthú do na hinstitiúidí uile, go bunúsach beartais a ullmhaíonn ár gcampais IAO le go mbeidís níos sábháilte agus níos measúla, áit gur féidir le gach mac léinn barr a gcumais a bhaint amach agus taithí sásúil coláiste a bheith acu, slán ó chiapadh nó foréigean gnéasach.

I mo ról, táim tar éis a bheith gníomhach chun dul i ngleic le éagothroime inscne inár gcóras ardoideachais, trí chórais a thabhairt isteach agus modhanna a éileamh a neadóidh athrú fadtéarmach, fórasach. Tá bunús ag ciapadh agus foréigean gnéasach in éagothroime inscne, agus is é seo an fáth go bhfuil sé ar ardthosaíocht. Le roinnt míonna anuas, d'fhoilsíomar Plean Gnímh Éagothroime Inscne.

Ní raibh tábhacht chomh mór ag baint leis an gcomhoibriú seo riamh, nuair atá ábhar chomh suntasach agus ceantrach le ciapadh agus foréigean gnéasach idir láimhe.

1 Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Say Something Survey (2013)

Mar sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an ngrúpa as ucht na dúchtrachta agus an rúin a chuireadar isteach sa doiciméad seo. Rinne Dr. Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Insititiúid Oideachais, cathaoirleacht ar an ngrúpa seo, Dr. Padráig MacNeela, Smart Consent OÉ Gaillimh, Dr. Louise Crowley, Bystander Intervention COC, Tara Brown tionscnamh ESHTE, Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, Dr. Clíona Saidléar, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag an Ionad Éigeandála um Éigniú, Dr. Andrew Power, Leas-Uachtarán um Comhionannais agus Ilchineálachta & Cláiraitheoir, IADT, Síona Cahill, Úachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, agus Damien McClean, Leas-Uachtarán um Leasa, Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Is straitéis loighciúil agus chomhtháite é an doiciméid seo, creat a chuireann tuiscint shláintiúil agus eolach chun cinn maidir le toiliú agus caidrimh inár gcóras ardoideachais.

Is mian liom go mbeidh na polasaithe seo neadaithe i ndualgas cúraim ár n-institiúidí maidir lena mic léinn agus foireann. Is mian liom go mbeidh tionchar fad-téarmach acu agus go mbeidh ról ceannaireachta ag Éirinn in aghaidh a thabhairt ar fhoréigean agus ciapadh gnéasach. Tá freagra dírithe agus comhchoiteann uaim. Trí obair le chéile, trí na ranna rialtais, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Sláinte, seirbhísí foréigean gnéasacha, freagróirí tosaigh, institiúidí ardoideachais agus mic léinn, cruthóimid cultúr neamhfhulaingt glan.

Tá cáil ar chóras oideachais na hÉireann agus déantar céiliúradh uirthi. Lorgaítear ár gcéimithe timpeall an domhain de bharr a gcuid oideachais, scileanna, saineolais, cruthaitheachta agus nuálaíochta. Is cúis mórtais í seo. Ní féidir rath a rianú i gcaighdeán na ngrád agus éachtaí mac léinn amháin, ach i gcaighdeán a n-eispéiris ar an gcoláiste chomh maith.

Níl áit ar bith ag foréigean agus ciapadh gnéasach inár n-institiúidí. Tá sé doghlactha go mbeadh ar mhac léinn, taighdeoir nó ball foirne ar bith fulaingt uathu. Tríd an bpolasaí seo a fhorbairt, tá deis againn Éire a chur mar eiseamlár, ní hamháin i dtaobh scoláirí agus mic léinn iontacha a chur chun cinn, ach freisin i dtaobh sochaí níos uileghabhálaí, níos measúla a chruthú, áit ina dtugtar tús áite do dhínit an duine.

Breathnaímid i dtreo institiúidí ardoideachais mar chatalaíocha d'fhorbairt eacnamaíocha agus sóisialta, don taighde is úire, a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagraí ar dhúshláin náisiúnta agus domhanda. Ní hámháin gur riachtanas náisiúnta é deireadh a chur le ciapadh agus foréigean gnéasach in ardoideachas. Is i bhfad níos tábhachtaí ná sin atá sé.



**Mary Mitchell O'Connor T.D.**
**Aire Stáit don Ardoideachas**

# FÍS

**Is í ár bhfís cultúr institiúideach a chinntiú ar an gcampas atá sábháilte, measúil agus tacúil. Tá dualgas cúraim ar institiúidí dá mic léinn agus dá bhfoireann, agus iad freagrach as cultúr ar an gcampas a chaomhnú atá soiléir i gcáineadh a dhéanamh ar iompar neamh-inmhianaithe agus doghlactha. Ní hamháin le tóraíocht barr feabhais acadúil a bhaineann taithí ardoideachais an mhic léinn, ach freisin chun mic léinn a ullmhú le dul i ngleic le agus páirt dhearfach a ghlacadh sa tsochaí. Cumasaíonn eispéireas dearfach mac léinn daoine chun cultúr measa, dínite agus sláine a chaomhnú.**

### Feiceálacht

Comphobal campais a chruthú ina nglacann gach duine freagracht as ionsaí agus ciapadh gnéasach a cheistiú. Cuireann sé iompraíochtaí dearfacha chun cinn maidir le cúrsaí gnéis, a éilíonn teachtaireachtaí an-sofheicthe agus dearbhú rialta ó cheannaireacht ardoideachais na nInstitiúide Ardoideachais (IAOnna).

### Trédhearacht

Is bunghné í trédhearcacht i dtaobh polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le foréigean inscne-bhunaithe, mí-iompar gnéasach agus ciapadh gnéasach. Is gá go mbeadh polasaithe IAOnna trédhearcach agus insroichte do chách. Is gá go mbeadh foireann agus mic léinn rannpháirteach agus ag cur le forbairt agus athbhreithniú ar pholasaithe sa réimse sin.

### Leanúnachas

Is gá go mbeadh taithí rialta ag cách ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe. Tá sé seo fíor cibé acu go gcuirtear i bhfeidhm iad i dtaobh bhaill foirne nó mic léinn. Nuair a dhéanann duine gearán tá muinín ann go rachfar i ngleic le nochtadh go gasta agus de réir na bpróiseas institiúideacha.

### Sláine

Tá sláine ag croílár na ngnásanna agus na bpróiseas a reáchtálann IAO. Is gá go mbeadh mic léinn agus foireann muiníneach go dtaispeántar go gcloíonn polasaithe go leanúnach agus go diongbháilte le prionsabail agus luachanna láidre eiticiúla. Cinntíonn sé seo go dtugtar meas do rúndacht agus anaithnideacht agus nach n-úsáidfear sin le cur i gcoinne nochta.

### Cuir chuige mac léinn-lárnach

Tá béim ar ilchineálacht an chorpais mac léinn ag croílár na bpolasaithe maidir le hionsaí nó le mí-iompar gnéasach. Is gá do gach IAO a ghealladh go dtabharfaidh siad freagra éifeachtach ar riachtanais na mac léinn trí chúram agus tacaíocht a chur ar fáil, mic léinn a oiliúint agus a chumasú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a d'fhulaing foréigean agus mí-iompar gnéasach.

# Torthaí Lárnacha

## STRUCHTÚIR ÉIFEACHTACHA I BHFEIDHM

- Ba chóir ball d'fhoireann bainistíochta sinsearach an IAO a cheapadh agus freagracht acu as cur i bhfeidhman Chreata.
- Is gá d'IAOnna grúpa oibrea bhunú a dhéanfadh comhordú ar chur i bhfeidhm an Chreata: Ba chóir go mbeadh ballraíocht chothrom de phríomhshealbhóirí ann, idir acadóirí, seirbhísí tacaíochta, riarachán, agus aontas na mac léinn.
- Ba chóir d'institiúidí a chinntiú go bhfuil idirghabháil agus páirtnéireacht éifeachtach ann le sainghníomhaireachtaí seachtracha.

## TAIFEAD AR EACHTRAÍ

- Is gá d'Institiúdídí taifead a dhéanamh ar staitisticímaidir le ciapadh, ionsaí, agus éigniú agus iad a thuairisiciú i gcomhthéacs a ndialóg staitéiseach leis an ÚAO.
- Is gá go mbeadh córas i bhfeidhm atá éasca do mhic léinn a úsáid, chun eachtraí anochtadh agusa thuairisciú, bunaithe ar léibhéal ard tuisceana agus feasachta idir mhic léinn agus baill foirne araon.
- Tá an córas tuairisceoireachta do mhic léinn comhoiriúnach le cearta an ghearánaí/an duine a d'fhulaing, tuisceanach maidir le riachtanais na ngrúpaí leochaileacha, agus tá muinín an chomhphobail FSS aige.

## POLASAITHE INSTITIÚIDEACHA

- Polasaithe tiomanta i bhfeidhm atá de réiraidhmeanna an Chreata.
- Polasaithe atá nascaithe go follasach le línte soiléire freagrachta, freagraí gníomhacha, tuairisciú institiúideach, agus athbhreithniú leanúnach.
- Cuimsíonn na polasaithe treoirlínte maidir le dul i ngleic le gearáin na mac léinn, chomh maith le trédhearcacht do chách.
- Tacaítear le cur i bhfeidhm polasaí, trí cheannaireacht institiúideach, agus trí thuarascáil bhliantúil chuig an Údarás Rialaithe.

## TIONSCNAIMH SPRIOCDHÍRITHE

- Stiúraighgníomhartha dírithe ar mhic léinn ina measc ceardlann/ranganna a chuireann tuiscint ar thoiliú chun cinnagus a cheistíonn iompar do-ghlactha.
- Teachtaireachtaí leanúnacha chun eolas a scaipeadh atá comhoiriúnach le haidhmeanna an Chreata i dtaobh athrú cultúrtha agus feasacht a ardú.
- Plean oideachais i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil tuiscint agus ábaltacht comhaontaithe ag baill foirne agus na mic léinn chuí chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn; plean traenála i bhfeidhm do bhaill foirne agus do mhic léinn a thugann cuidiú do tionscnaimh agus seirbhísí thiomnaithe.
- Córas inmheánach chun éifeachtacht na dtionscnamh a mheas.
- Seirbhísí atá insroichte agus eolach ar thráma; chun tacú le nochtadh mac léinn, le tuairisciú agus gearáin, agus i gcomhair chomhairleoireachta agus abhcóideachta.

# 1 Réamhrá agus Forléargas

## 1.1 Comhthéacs

Ar an 4ú Deireadh Fómhair 2018, thionóil Mary Mitchell O'Connor, Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ceardlann do ghealllsealbhóirí maidir le toiliú agus dul i ngleic le foiréagan gnéasach in institiúidí ardoideachais na hÉireann. Thug sí faoi deara go bhfuil 'ciapadh agus ionsaí gnéasach ró-choitianta do chuid mhaith dár mic léinn tríú leibhéal' agus chuir sí in iúl go bhfuil sé mar aidhm ag an imeacht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath go mbeadh comhroinnt maidir le deachleachtas agus comhoibriú straitéiseach maidir le toiliú idir ár n-institiúidí agus údaráis mar thoradh leis.

I ndiaidh an imeachta, d'iarr an tAire O'Connor ar roinnt saineolaithe a bhí rannpháirteach sa phainéal (féach Aguisín 2) Creat d'institiúidí agus don earnáil uile a ullmhú. D'iarr sí orthu iad seo a bhunú ar an bhfianaise agus cleachtais reatha is fearr agus go mbeadh sé indéanta do gach institiúid iad a chur i bhfeidhm, go hidéalach don bhliain acadúil seo chugainn. D'iarr sí ar an ngrúpa aird faoi leith a thabhairt ar an mbealach go ndéanfaí monatóireacht agus meastóireacht ar na tionscnaimh atá ar bun ag na hIAO maidir lena dtionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach. Chuir beirt oifigeach ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) tacaíocht ar fáil.

## 1.2 An Próiseas

Chruinnigh an grúpa le chéile ocht mbabhta, agus idir chruinnithe, roinneadh páipéir agus ábhar cuí go leictreonach chun dul chun cinn a éascú i dtreo sraithe de mholtaí deireanacha. Bhí trí thionscnamh ach go háirithe suntasach mar bhonn eolais do na moltaí seo agus don chreat tacaíochta:

> An tionscnamh **ESHTE** (Deireadh a Chur le Ciapadh agus Foiréagan Gnéasach in Oideachas Tríú Leibhéal), treoraithe in Éirinn ag Comhairle Náisiúnta na mBan agus maoinithe trasna na hEorpa ag an Aontas Eorpach.
>
> An tionscnamh **SMART Consent** forbartha i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Éigeandála um Éigniú ag tosú i 2013. Anois maoinithe i dtreo tionscnamh uaillmhianach taighde agus feidhmiú a fhorbairt ó 2019-22, cuirfidh sé tuiscint agus scileanna dearfacha maidir le toiliú gníomhach chun cinn.
>
> Tá an tionscnamh **Bystander Intervention** ag COC, (spreagtha ag an Tionscnamh Idirghabhála forbartha ag Dr Rachael Fenton) píolótaithe thar thréimhse dhá bhliain le mic léinn Dlí, Altranais agus Cnáimhseachais, agus Síceolaíocht Fheidhmeach aistrithe anois go seoladh ar líne ar bhonn ollscoil-uile. Múineann agus cumasaíonn sé mic léinn le go mbeidh siad in ann cur le taithí dearfach tríú leibhéal trí idirghabháil shábháilte, sainórdú a thabhairt maidir le neamhfhulaingt glan i dtaobh gach foiréagan agus mí-úsáid ghnéasach nach bhfuil de dhíth.

Bhain an grúpa leas chomh maith as ábhar ón RA agus SAM, ach go háirithe ó roinnt tuairisc institiúideacha, chomh maith le taighde foilsithe i bhformáidí éagsúla. Bhí an foilseachán ó 2015 'Changing the Culture. The report of the Universities UK Taskforce examining violence against women, harassment and hate crime affecting university students' úsáideach ach go háirithe. Ta siad seo i measc an liosta tagartha.

## 1.3 Riachtanas náisiúnta do fhreagra earnála

I bhfianaise an taithí atá ag an-iomarca mac léinn, ach go háirithe mná, is cúis imní é ciapadh gnéasach agus foiréigean inscnebhunaithe tríd an gcóras ardoideachais in Éirinn. Is príomhúdaráis i bhfreagra ar bith iad an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an t-Údarás Ardoideachais. Taispeánann fianaise idirnáisiúnta, muna bhfuil freagra earnála, nach dócha go dtarlóidh an féinmachnamh institiúideach, a bhfuil gá leis i gcomhair feabhais inbhuanaithe. In Éirinn, trí na hinstitúidí go simplí a ghríosú, cothaíodh leibhéil éagsúla rannpháirtíochta go dtí seo.

# 2 CREAT D'IAOnna IN ÉIRINN

## 2.1 Creat Córas-Uile


Bunphointe a cuireadh in iúl trí na taispeántais agus plé ar fad ag an gceardlann i gCaisleán Bhaile Cliath ná go bhfuil luach srianta fiú ar thionscnaimh atá bunaithe ar fhianaise agus eagraithe go maith, mura dtéann siad i ngleic le cúinsí córasacha agus institiúideacha a bhaineann le ciapadh gnéasach agus foiréigean inscnebhunaithe in ardoideachas. Thug taighde, agus taithí iad siúd ag obair sa réimse, tacaíocht don dearcadh seo.

Ar a bharr sin, sa Ríocht Aontaithe, léirigh taithí gur féidir le soláthar institiúideach tionscnamh díreach do mhic léinn 'tic a chur i mbosca' a theastaíonn chun teachtaireachtaí earcaíochta bolscaireachta do mhic léinn a chur chun cinn, do mhaoinitheoirí nó do rialtóirí. In Éirinn, ní dócha go n-eireoidh ar a n-aonar le tionscnaimh do mhic léinn - lena n-áirítear SMART Consent nó an Clár Bystander - chun cultúr agus cleachtas institiúideach a cheistiú agus an sprioc atá curtha chun cinn ag an gCreat seo a bhaint amach. Tá an sprioc sin ann le go mbeadh mic léinn sábháilte, cumasaithe, féin-mhuiníneach, agus ábalta ina gcaidrimh lena gcomh-mhic léinn, agus leis an bpobal IAO i gcoitinne.

Chun seo a dhéanamh, is gá go mbeadh na **tionscnaimh** seolta in éineacht le **struchtúir agus próisis** thacaíochta, atá táirgthe ag agus neadaithe i **gcultúr dearfach institiúideach**. Nuair atá na trí gné seo ailínithe, ní hiad na mic léinn amháin na tairbhithe. Bíonn na hIAOnna a oibríonn ar na trí gné seo ina n-ionaid oibre níos fearr agus níos cothroime.

Ó tharla go bhfuil an líon mac léinn rollaithe in institiúidí príobháideacha ag ardú, molann an grúpa oibre chomh maith gur chóir don Chumann Coláistí Ardoideachais (HECA), an scáthghrúpa don earnáil seo, machnamh a dhéanamh maidir leis an gCreat seo a úsáid lena gcomhcholáistí.

**Fig 1. An Creat um Cur Chun Cinn Toilithe agus Cosc ar Fhoiréigean Gnéasach**



## 2.2 Cultúr Institiúideach

Tá tábhacht faoi leith don institiúid níos leithne ag baint leis an gceist maidir le luachanna agus a n-ionadaíocht i ngach gné de shaol institiúideach, conas a ndéantar caidrimh inscneach a chur i láthair agus a chothú trí obair agus struchtúir acadúla agus proifisiúnta, agus conas a rabhthas ag súil leis maidir le iompar agus gnásanna caidrimh agus rannpháirtíochta a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm.

## 2.3 Struchtúir agus Próisis Institiúideacha

Cinntíonn struchtúir agus próisis institiúideacha go bhfuil gnásanna trédhearcacha i bhfeidhm maidir le gearáin a dhéanamh agus iad a fhreagairt go tráthúil. Ina measc tá soláthar:

- 'seaimpíní' nó urlabhraí mac léinn nó baill foirne
- próisis do rannpháirtíocht agus oideachas mac léinn
- ionchais chaighdeánaithe iompar a chuirtear chun cinn go sásúil
- gnásanna feiceálacha agus fógartha
- seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta atá insroichte agus ar fáil go héasca

## 2.4 Tionscnaimh spriocdhírithe

I measc na dtionscnamh spriocdhírithe tá ceardlanna, seimineáir agus gníomhartha ar bith eile pleanáilte nó struchtúrtha do mhic léinn agus baill foirne. Chomh maith leis sin, tionscnaimh atá dírithe ach go háirithe ar mhic léinn sa chéad bhliain ionduchtaithe/treoraithe.

## 2.5 Taighde

Tá an cnuasach de shonraí agus taighde maidir le hionsaí agus ciapadh gnéasach in institiúidí ardoideachais na hÉireann, atá ag fás, tar éis tionchar a imirt cheana féin trí fhreagra polasaí a spreagadh. Trí thionscamh taighde maidir le taithí mac léinn agus baill foirne a chothú agus a fhás, bainfear trí aidhm amach:

- beifear in ann monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na moltaí atá curtha chun cinn anseo le himeacht ama
- beifear in ann iarrachtaí na hÉireann a thagarmhacáil le hais na dtionscnamh comparáideacha indirnáisiúnta
- cuirfidh tionscnamh mar seo le fás an chomphobail scoláirí agus taighdeoirí atá in ann leanúint leo mar urlabhraithe ar son caidrimh agus cultúir dhearfacha agus forbairtí i suíomh ardoideachais sa todhchaí a stiúradh

D'fhéadfaí an clár seo a riaradh tríd an Chomhairle um Thaighde in Éirinn nó trí údaráis mhaoinithe taighde eile atá oiriúnach.

## 2.6 Barr feabhais agus nuálaíocht a spreagadh

Leagfaidh an riachtanas atá molta gnás nua earnála síos, go ndéanfaidh gach IAO tuairisciú ar a ngníomhartha bainteach leis an gCreat ar tugadh faoi leis an aidhm go gcinnteofar go bhfuil leanúnacht níos fearr i dtaithí mac léinn tríd an gcóras ardoideachais in Éirinn. Trí nuálaíocht agus forbairt bhreise a thacú i ngach gné den Chreat, níos mó ná a bhfuil gá leis do chuspóirí tuairisceoireachta, cinnteofar go bhfanfaidh an Creat fuinniúil agus freagúil maidir le taighde agus cleachtas atá ag teacht chun cinn.

Chuige sin, moltar scéim aitheantais agus/nó gradam a mhaoiniú. D'aithneodh agus cheiliúrfadh an scéim seo, a bheadh deonach, agus a bhainfeadh leas as piarmheasúnú, na hinstiúidí a léiríonn na luachanna, próisis, agus tionscnaimh atá curtha chun cinn ag an gCreat, a thógann céimeanna faoi leith le cinntiú gur féidir le gach ball foirne agus mac léinn foghlaim agus obair i suíomh sábháilte agus tacúil, nó a dhéanann modhanna tomhais ar dhul chun cinn atá láidir agus inchreidte a fhorbairt.

# 3 Príomhshainmhínithe

## Toiliú Gnéasach

"An chumarsáid bhriathartha nó neamhbhriathartha de mhothúchán, tugtha de dheoin féin an duine, go bhfuileadar toilteanach dul i mbun gníomhaíochtaí gnéasacha."[2]

Is é an sainmhíniú thuasluaite an sainmhíniú ar thoiliú is mó glactha faoi láthair sa litríocht thaighde. Is é atá i gceist leis ná comhchumarsáid leanúnach, agus is fearr go mbeadh sí briathartha.

Tugadh isteach an sainmhíniú dlí ar thoiliú in Éirinn le déanaí, áit a "toilíonn duine le gníomh gnéasach má aontaíonn sé nó sí go toilteanach agus go deonach chun dul i mbun an ghnímh sin."[3]

Níl toiliú ann má tá an t-íospartach ina c(h)odladh nó gan aithne; má úsáidtear fórsa nó bagairt fórsa; ní féidir leis/léi toiliú de thoradh tionchar alcóil/druga eile; ní féidir leis/léi toiliú a chur in iúl de thoradh míchumais fisiciúil; tá sé/sí contráilte maidir leis an ngníomh nó aitheantas an duine eile; tháinig an t-aon chomhartha de thoiliú ó thríú dhuine, tá sé/sí á c(h)oinneáil go neamhdleathach ag am an ghnímh.

Tá an dlí soiléir chomh maith nach ionann teipeadh cur i gcoinne agus toiliú a thabhairt, agus má thugtar toiliú is féidir é a aistarraingt ag am ar bith roimh nó i rith an ghnímh. Ar deireadh, is liosta oscailte é an liosta de chásanna nuair nach dtugtar toiliú.

## Sláinte Ghnéasach

Is coincheap uileghabhálach í sláinte ghnéasach a fhreastlaíonn ar ghnóthachtáil dearfach sláinte chomh maith le sabháilteacht agus saoirse ó fhoréigean. Cuireann sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (2006) ar shláinte ghnéasach in iúl:

> "Is staid de shláinte fhisiciúil, mhothúchánach, mheabhrach agus shóisialta í sláinte ghnéasach bainteach le gnéasacht; ní hé amháin atá i gceist léi ná easpa galair, mífheidhmithe nó éiglíochta. Is gá go mbeadh cur chuige dearfach, measúil maidir le gnéasacht agus caidrimh ghnéasach i bhfeidhm i dtaobh sláinte gnéasach, chomh maith leis an bhféidearthacht taithí gnéasacha a bheith agat atá pléisiúrtha agus sábháilte, saor ó iallach, leithcheal agus foréigean. Le sláinte ghnéasach a ghnóthachtáil agus a choinneáil, is gá meas a bheith agat ar chearta gnéasach gach duine, iad a chosaint agus a chomhlíonadh".

## Mí-iompar Gnéasach

Séard atá i gceist le mí-iompar gnéasach ná iompar ar bith de chineál gnéasach nach bhfuil fáilte roimhe, a bhféadfadh a bheith mar ábhar in imeachtaí smachta. Ina measc tá coireanna d'fhoréigean gnéasach, cibearbhulaíocht ghnéasach de chineál ar bith, lena n-áirítear tógáil agus/nó roinnt de phictiúirí dlúthphearsanta gan toil, cruthú, oscailt, breathnú ar nó dáileadh ábhar bainteach le pornagrafaíocht leanaí ar líne nó as líne, iompar stalcaireachta i gcomhthéacs gnéasach ar líne nó as líne, agus ciapadh briathartha nó fisciúil i gcomhthéacs gnéasach.

2 Hickman & Muehlenhard, 1999, p. 259
3 Alt 48, Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017

Is féidir le duine d'inscne ar bith dul i mbun mí-iompar gnéasach agus is féidir leis tarlú idir dhaoine den inscne chéanna nó d'inscne éagsula. Go minic, bíonn sé inscne-dhírithe agus leis an aidhm ann chun díspeagadh, beag is fiú nó imeaglú a dhéanamh. Is féidir le mí-iompar gnéasach tarlú idir stráinséirí nó comhghleacaithe, lena n-áirítear daoine atá i ndlúthchaidreamh nó caidreamh gnéasach.

## Éigniú agus Ionsaí Gnéasach

Úsáidtear na sainmhínithe seo a leanas i Reachtaíocht na hÉireann:

Éigniú faoi Roinn 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Éigniú) 1981 arna leasú. Is gá easpa toilithe a thaispeáint leis an gcion seo a chruthú. Treá den fhaighin ag an bpéineas nuair atá a fhios ag an bhfear nach dtoilíonn an bhean leis an gcaidreamh collaí, nó nuair atá sé meargánta maidir lena toiliú nó easpa toilithe. Is gá a chruthú go ndeachaigh an péineas isteach san fhaighin, ach is leor fiú treá ar mhionscála.

Éigniú faoi Roinn 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Éigniú) 1990 arna leasú. Is gá easpa toilithe a thaispeáint leis an gcion seo a chruthú. Ionsaí gnéasach a chuimsíonn: a) Treá (dá laghad a tharlaíonn sé) den anas nó béal ag an bpéineas. b) Treá den fhaighin (dá laghad a tharlaíonn sé) ag rud ar bith á iompar nó á láimhseáil ag duine eile.

Tromionsaí Gnéasach faoi Roinn 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Éigniú) 1990 arna leasú. Is gá easpa toilithe a thaispeáint leis an gcion seo a chruthú. Ionsaí gnéasach a chuimsíonn tromfhoréigean nó an bhagairt de thromfhoréigean nó a chúisíonn gortú, urísliú nó díghrádú tromchúiseach don duine a ionsaíodh.

Ionsaí Gnéasach faoi Roinn 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Éigniú) 1990 arna leasú. Is gá easpa toilithe a thaispeáint leis an gcion seo a chruthú. Tugtar ionsaí gnéasach ar ionsaí a tharlaíonn i gcúinsí de mhíghnéas. Cuimsíonn sé aon leagadh láimh gnéasach gan toiliú agus níl sé srianta go leagadh láimh gnéasach le treá. Go teicniúil, clúdaíonn an focal "ionsaí" gníomhaíochtaí a chuireann duine eile faoi eagla maidir le hionsaí.

## Cur Chuige Eolach ar Thráma

Ta seirbhísí eolach ar thráma tuisceanach maidir le forleithne thráma agus a thionchar ar dhaoine a thagann slán, ina measc, an tslí go mbíonn éifeacht ag tráma ar an gcumas atá ag duine a thagann slán chun déileáil leis, chun rochtain a fháil ar sheirbhís, agus chun mothú sábháilte go fisiciúil agus go mothúchánach. Tá seirbhísí bunaithe ar thráma neartbhunaithe agus neam-phateolaíoch. Tógann siad céimeanna chun siocracha féideartha tráma a aithint, ath-thrámú a laghdú, agus freastail ar an gcaighdeán d'idirghníomhaithe idir bhaill foirne agus daoine a thagann slán atá ag fáil seirbhísí.

Cuireann eagraíochtaí atá eolach ar thráma timpeallacht agus struchtúr ar fáil do dhaoine a thágann slán agus baill foirne atá uileghábhalach, fáilteach, agus nach gcothaíonn ath-thrámú. Gné chriticiúil de sheoladh sheirbhísí eolach ar thráma ná chun freastail ar riachtanais mhothúchánacha den fhoireann seirbhíse dhíreach, lena n-áirítear tráma indíreach a aithint, agus freastail ar fhéin-chúram arbhealaí substainteacha. (The White House Violence Against Women Statement on Trauma Informed services).

# 4 Cuspóirí agus Torthaí an Chreata

Moltar d'IAO agus don ÚAO machnamh a dhéanamh ar an mbealach gur féidir an Fráma (mar atá léirithe i bhFigiúir 1) a úsáid ar son cuimsithe mar chuid den phróiséas Plé Straitéiseach. Léireodh sé seo céim shuntasach chun cinn don earnáil agus moltar é a thabhairt isteach láithreach agus a chuimsiú i leaganacha den phróiséas Plé Straitéiseach amach anseo agus atá an próiséas ag éabhlú.

Tá sraith d'aidhmeanna atá infheidhme do gach institiúid, chomh maith leis an Roinn/ÚAO - áirítear leo siúd soláthar seirbhísí ar champas a mhaoiniú agus córas a éascú do thuairisciú ar eachtraí. Ba cheart go gcuirfeadh an Creat san áireamh, mar íosmhéid éigeantach do gach IAO, na Spriocanna seo a leanas do mhic léinn agus d'fhoirne agus don institiúid i gcoitinne.

## 4.1 Cúspóirí an Chreata

**A. Go mbeadh mic léinn in ann:**

- Tuiscint, muinín, agus ábaltacht maidir le toiliú gníomhach a fhorbairt, ag leibhéal pearsanta agus i dtacaíocht a thabhairt dá gcomhpháirtithe.
- Scileanna agus neart a fhoghlaim do thuairisciú féinmhuiníneach/ tacaíocht a lorg do chiapadh gnéasach, ionsaí gnéasach, agus éigniú.
- A bheith eolach maidir le comhionannas agus ilchineálacht, an tionchar a bhíonn ag ionchas maidir le ról inscne, agus cúinsí comhthéacsúla cosúil le halcól agus úsáid drugaí.
- An t-eolas agus an ábaltacht a fhorbairt le go mbeidís in ann aon normálú ar thráchtanna nó iompar gnéasach neamh-inmhianaithe a cheistiú.

**B. Go ndéanfadh an t-ÚAO agus/nó an Roinn Oideachais agus Scileanna:**

- Na hinstitiúidí a thacú lena bpróisis thaifeadtaí agus thuairiscithe do na boird rialaithe agus mar chuid den phlé feidhmíochta leis an ÚAO ar eachtraí de chiapadh gnéasach, ionsaí agus éigniú i gcampais tríú-leibhéal.
- Córas tuairiscithe ar chur i bhfeidhm an Chreata ag gach IAO a éascú trí na cainteanna bliantiúla nó rannpháirtíocht fhoirmeálta eile den chineál sin.
- Roinn thiomanta dethuarascáil fheidhmíochta bhliantiúil an ÚAO a dhíriú ar chur i bhfeidhm an Chreata.
- An tábhacht a bhaineann le tionscnaimh toiliú gníomhach agus córais thacaíochta do dhaoine a thagann slán a chur ar shúile an phobail i gcoitinne trí chomhdhálacha, foilseacháin, agus feachtais feasachta a thacú agus a éascú.

**C. Go ndéanfadh IAOnna:**

- Córas trédhearcach agus seasamhach a chur ar fáil le dul i ngleic le gearáin mac léinn maidir le ciapadh gnéasach, ionsaí gnéasach, agus éigniú.
- Prótacal trédhearcach agus freagrach a chur ar fáil dóibh siúd go bhfuil gearáin déanta fúthu agus atá mar bhall de chorpas na mac léinn nó baill foirne den IAO.
- Cultúr freagrachta agus tacaíochta a fhorbairt.
- Meon uileghabhálach campais a chur chun cinn go gníomhach, a aithníonn ilchineálacht agus leochaileacht fhéideartha.
- Tiomantas ag gach leibhéal a thaispeáint chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn maidir le toiliú agus cosc ar fhoiréigean gnéasach, á threorú ag bainistíocht shinsearach le seampíní / urlabhraí campais.
- Polasaithe institiúideacha a chur in áit a a chuireann le haidhmeanna anIAO maidir le toiliú agus foiréigean gnéasach, lena n-áirítear tacaíocht dóibh siúd a thagann slán ó fhoréigean gnéasach.
- Sonraí institiúidbhunaithe a bhailiú maidir le forleithne agus freagraí institiúideacha.
- Riachtanais áitiúla oiliúna agus oideachais a chur ar fáil.
- Bealaí atá eolach arfhianaise a úsáid chun dul i ngleic le mic léinn i modh comhordaithe maidir le feasacht agus scileanna a bhaineann le toiliú gníomhach, foiréigean gnéasach, agus tacaíocht a lorg.
- A aithint go bhfuil cláreagrú agus teachtaireachtaí maidir le cosc ar siúl go rialta, ilghnéitheach agus cuimsitheach – a chuimsíonn tacaíocht do chaidrimh dhearfacha, shláintiúla, agus cosc ar thaithí diúltacha, ag dul i ngleic le ról alcóil/drugaí, agus inscne.
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí tacaíochta feiceálach agus insroichte.
- Baill foirne/mic léinn a theagasc maidir le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá ag fulaingt ó chiapadh gnéasach, ionsaí gnéasach, agus éigniú.

**D. Go ndéanfadh gach ball foirne IAO:**

- Na tionscnaimh institiúideacha maidir le toiliú gníomhach, ciapadh gnéasach, ionsaí gnéasach, agus éigniú a thuiscint agus dul i ngleic leo.
- An acmhainn scileanna a bheith acu chun cabhrú mar is cóir le mic léinn a bhfuil tacaíocht uathu.

## 4.2 Torthaí an Chreata

**A. Cultúr Institiúideach**

- Beidh freagracht ag ball sinsearach d'fhoireann bainistíochta IAO maidir le cur i bhfeidhm an Chreata.
- Bunóidh IAO Grúpa Oibre Institiúideach chun cur i bhfeidhm an Chreata a chomhordú. Ina measc beidh príomhgheallsealbhóirí, idir acadóirí, seirbhísí tacaíochta, riarachán, agus Aontas na Mac Léinn, agus cinnteoidh sé an aird chuí a thabhairt d'ionadaíocht chothrom, ach go háirithe ionadaíocht de ghrúpaí atá i gcontúirt faoi leith go bhfulaingeoidh siad foréigean agus ciapadh gnéasach: mná, iad siúd faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus LADT+.
- Idirghabháil agus páirtnéireacht éifeachtach le sainghníomhaireachtaí seachtracha chun rannpháirtíocht chuí le struchtúir sheachtracha a chinntiú.

### B. Próisis Institiúideacha: Taifead

- Déanfaidh Institiúidí taifead ar staitisticí maidir le ciapadh, ionsaí, agus éigniú agus iad á dtuairisiciú i gcomhthéacs a bplé staitéiseach leis an ÚAO.
- Cuirfidh IAO córas i bhfeidhm atá éasca do mhic léinn a úsáid, chun eachtraí anochtadh agus a thuairisciú, bunaithe ar léibhéal ard tuisceana agus feasachta idir mhic léinn agus bhaill foirne araon.
- Tá an córas tuairisceoireachta do mhic léinn comhoiriúnach le cearta an ghearánaí/an duine a d'fhulaing, tuisceanach maidir le riachtanais na ngrúpaí leochaileacha, agus tá muinín an chomhphobail FSS aige.

### C. Próisis Institiúideacha: Polasaí

- Polasaithe tiomanta i bhfeidhm atá de réiraidhmeanna an Chreata.
- Polasaithe atá nascaithe go follasach le línte shoiléire freagrachta, freagraí gníomhacha, tuairisciú institiúideach, agus athbhreithniú rialta.
- Cuimsíonn na polasaithe treoirlínte maidir le dul i ngleic le gearáin mac léinn, chomh maith le trédhearcacht do chách.
- Tacaítear le cur i bhfeidhm polasaí trí eolas cuí a bhailiú, ceannaireacht ag oifigeach ardleibhéal IAO, agus trína struchtúir chuí, tuairisc bhliantúil maidir le tionscnaimh agus s onraí institiúideacha don Údarás Rialaithe.

### D. Tionscnaimh Spriocdhírithe

- Cuirfidh IAOgníomhartha dírithe ar mhic léinn ar fáillena n-áirítear ceardlann/ranganna a chuireann tuiscint ar thoiliú chun cinn; tuiscintagus scileanna mac léinn maidir le labhairt amach agus iompar do-ghlactha cheistiú.
- Teachtaireachtaí leanúnacha chun eolas a scaipeadh atá comhoiriúnach le haidhmeanna an Chreata maidir le hathrú cultúrtha agus feasacht.
- Cruthóidh agus cuirfidh IAOnna plean oideachais i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil ar a laghad íosthuiscint agus ábaltacht comhaontaithe ag baill foirne agus ag mic léinn cuí chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn; plean traenála a chruthú agus a chur i bhfeidhm do bhaill foirne agus do mhic léinn a chuidíonn le tionscnaimh agus seirbhísí.
- Cruthóidh agus cuirfidh IAO córas inmheánach i bhfeidhm chun éifeachtacht na dtionscnamh a mheas.
- Cuirfidh IAOnna seirbhísí ar fáil atá inrochtana agus tuisceanach maidir le tráma; chun tacú le nochtadh mac léinn, le tuairisciú agus gearáin, agus le comhairleoireacht agus abhcóideacht.

# 5 Cultúr Institiúideach

## 5.1 Cultúr institiúdeach a choincheapadh

Tugann sraith luachanna agus gnásanna iompraíocha treoir don tuiscint ghinearálta ar chultúr institiúideach, a théann i bhfeidhm ar an dóigh a n-oibríonn agus - i gcás IOA, a bhfoghlaimíonn - a bhfoghlaimíonn na daoine sin agus iad ag fáil taithí agus tuiscint orthu féin, agus a n-áit laistigh den institiúid sin.

Cé go dtugann na luachanna a chuireann gach IAO chun cinn treoir don chultúr institiúdeach, tá ionchas íosta maidir leis an gcomhbhéim a leagtar ar chultúr de mheas, dínit, agus ionrachas, leirithe i bpolasaithe IAO ar fud na tíre.

I ndiaidh gur tharla roinnt conspóid bainteach le spórt, choimisiúnaigh an Coláiste Impiriúil i Londain staidéar maidir leis an gcultúr institiúideach san Ollscoil barr-rangú seo. Níor foilsíodh an staidéar, ach foilsíodh tuairisc aontaithe dar teideal "A review of Imperial College's instititutional culture and its impact on gender equality" (Phipps, McDonall & Taylor, 2016).

Is spéisiúil an t-ábhar léitheoireacht é i gcomhthéacs na sonraí Éireannacha maidir le taithí mac léinn. Rud atá suntasach, cé nár ghlac an institiúid páirt i roinnt tionscnamh agus cláir a cruthaíodh le dul i ngleic le ciapadh gnéasach, níor thug an cultúr institiúideach tacaíocht do labhairt amach, nó gearáin a dhéanamh. Ina áit sin, breathnaíodh ar ghníomhartha dá leithéid, ag foireann nó mic léinn go minic ar nós go raibh sé mídhílis don institiúid agus níor breathnaíodh ar ghearánaí mar 'ábhar Impiriúlachta'.

Thug an grúpa 1752, eagraíocht neamhbhrabúis i mbun feachtais i gcoinne mhí-iompar gnéasach in ardoideachais bunaithe sa RA, le fios, ag trácht ar an tuairisc Impiriúlacht:

> *Nuair atá iompar mhí-úsáideach ag tarlú arís agus arís agus nuair nach bhfuiltear á dtuairisciú agus á stopadh, glactar leo mar chuid de chód iompair inghlactha, cé acu an gceadaíonn an institiúid dó nó nach gceadaíonn. Ciallaíonn sé sin go ndéantar duine atá ag sárú na gcleachtas institiúideach agus an chultúir institiúideach den duine a labhraíonn amach i gcoinne na n-iompar sin.*

Is lú seans go dtabharfaidh cultúr institiúideach a chothaíonn hipiriomaíochas agus a mholann éachtaí bhuaiteoirí deontais thar éachtaí eile tosaíocht do chaighdeán na gcaidreamh acu siúd a n-oibríonn agus a bhfoghlaimíonn laistigh dá mballaí. Ní thagann cultúr dá leithéid chun cinn ina aonar; léiríonn sé an cultúr córasach níos leithne.

Agus go leor san iomaíocht ó thaobh acmhainní a aimsiú in IAOnna a maoinítear go poiblí in Éirinn, tá strus suntasach ar institiúidí. Tagann a mbrú féin ó a bheith 'den chéad scoth' (mar a léiríodh sa tuairisc Impiriúlach); is féidir leis an teacht chuig caighdeán den chéad scoth (an aidhm atá gach cuid mhaith IAO Éireannacha) impleachtaí a bheith aige do chultúir institiúideacha nach bhfuil soléir laithreach bonn, ach is féidir iarmhairtí ceilte agus fad-téarmacha baint leo.

Sna SAM, tá an modh sóisialta eiceolaíochta úsáideach chun na leibhéil éagsúla gur féidir dul i ngleic le cultúr institiúdeach agus mac léinn a aithint, leis na haidhmeanna chun cosc a chur ar fhoréigean gnéasach, agus iompar dearfach a chur chun cinn. Tharraing grúpaí taighde agus polasaí sna SAM aird ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le 'cultúr agus aeráid campais' ag úsáid na straitéisí atá comhoirúnach leis na gníomhartha spriocdhírithe, forbairt polasaí agus athrú cultúrtha a moltar sa tuairisc seo. Le blianta beaga anuas, tá forbairt tagtha ar shuirbhéanna caighdeánaithe maidir le haeráid agus taithí mac léinn d'fhoréigean gnéasach, toiliú agus taighde ar idirghabháil ag tríú duine ar an láthair, agus an glacadh le cur chuige eiceolaíochta a úsáid mar straitéis chun gníomhartha chomhtháite, il-leibhéil i suíomhanna casta campais a bhaint amach.

Molann Dills et al. (2016) cur chuige cuimsitheach coisctheach a shíneann trasna leibhéil éagsúla d'eiceolaíocht champais, ó scileanna agus tuiscint aonair, go dearcadh agus gnásanna phiarghrúpaí, an suíomh champais, agus an comhphobal maguaird. Is féidir iad seo a shonrú ag leibhéal institiúideach trí mhodh loighiciúil nó cur chuige de theoiric athraithe. Cuireann Dills et al. (2016, lch. 5) síos ar an bhfeasacht agus tuiscint a thagann ó bhreathnú ar shláinte ghnéasach mar cheist don champas ar fad:

- "Infrastruchtúr: Na córais agus struchtúir bhunúsacha eagraíochta a bhfuil gá leo chun straitéisí maidir le cosc ar fhoréigean gnéasach a chur i bhfeidhm...
- Pobal: ... Ina measc tá faighteoirí agus breathnóirí i dtaobh teachtaireachtaí maidir le cosc, le feachtais, nó le straitéisí.
- Compháirtíochtaí agus Inbhuanaitheacht: Trí chaidrimh shláintiula oibre a fhorbairt le geallsealbhóirí pobail agus comhpháirtithe is féidir iarrachtaí coisctheacha a láidriú, a chomhordú agus a ailíniú ... le go mbeadh siad níos inbhuanaithe.
- Measúnú: Cleachtas sláinte phoiblí riachtanach a aithníonn an méid atá ag éirí leis agus an méid nach bhfuil leis na cláir, na polasaithe, nó cleachtais."

Tá treoirlínte eisithe ag American College Health Association (ACHA, 2016) do chláir chumisitheacha maidir le cosc ar fhoréigean gnéasach, bunaithe ar an mbonn go ndéanann obair choisctheach:

- Scileanna agus straitéisí dearfacha agus sláintiúla maidir le caidrimh chun cosc ar thaithí diúltacha a thacú.
- Dul i ngleic le pobail ag a leibhéal reatha ullmhúcháin agus tagairt d'athrú - mar shampla, má tá rannphairtíocht srianta maidir le sláinte ghnéasach roimhe seo ar scoil nó feasacht fhollasach ar thoiliú agus ar fhoréigean gnéasach.
- An bhaint shuntasach idir alcól (nó drugaí eile) agus foréigean gnéasach a aithint.
- Scileanna praiticiúla caidrimh mhac léinn a bhaineann go sainiúil le toiliú a thacú.

## 5.2 Fiosrúcháin a láimhseáil

Ag croílár na Tuairisce seo tá tiomantas i dtreo athruithe a chruthú agus le cinntiú go mbíonn na hIAOnna mar áiteanna ina mothaíonn mic léinn agus foireann sábháilte, agus ina dtugtar freagra éifeachtach agus gasta ar thuairiscí maidir le mí-iompar gnéasach. Ní mian le cách a fhulaingíonn ciapadh nó foréigean gnéasach dul i ngleic leis an gcóras dlí choiriúil. Mar sin, tá sé riachtanach go mbeadh polasaithe láidre

agus tuairisciú cuí agus próiséis fiosraithe ag IAOnna, más é gur mian leis an mac léinn nó ball foirne dul i ngleic leis an ábhar go hinmheánach.

Tá sé de dhualgas ar nahIAOnna go dtarlaíonn fiosrúcháin gan chlaontacht agus ba cheart dóibh céimeanna cuí a thógáil le cinntiú go gcaitear leis an dá pháirtí go cothrom, go trédhearcach agus go neamhchlaonta. Ba cheart go mbeadh na próisis eolach ar thráma agus bunaithe ar an duine agus go mbeadh sláinteacht agus sábháilteacht na ndaoine atá páirteach ann mar na tosca is tábhachtaí.

## 5.3 An cultúr ceart a fháil i suíomh Éireannach

Is é bunchuspóir IAOnna ná mic léinn a ullmhú le dul i ngleic leis an saol comhaimseartha, agus le cur go dearfach leis an tsochaí. Chomh maith le tóraíocht barr feabhais acadúil, baineann sé sin le heispéireas dearfach mac léinn, rud a bhaintear amach ar an tslí is fearr tríd an chultúr cheart a sholáthar inár n-institiúidí. Chun an cultúr ceart a sholáthar, ní mór eispéireas dearfach mac léinn/foireann a chothú ón tús agus, de réir a chéile, meas a spreagadh i measc gach duine ar na campais.

D'aithin an grúpa oibre seacht bpríomhtháscaire, le samplaí comhoiriúnacha de dhea-chleachtas curtha ar fáil faoi gach ceannteideal. Ba cheart do na táscairí seo a bheith mar bhonn eolais do mhachnamh agus d'fhéin-mheastóireacht institiúideach ar bith, agus ba cheart iad a chur san áireamh i dtuairisceoireacht ar bith don Údarás Rialaithe agus don ÚAO, nuair is cuí. Ba cheart go mbeadh siad á léiriú chomh maith i ngach polasaí, próiséas agus tionscnamh atá oiriúnach maidir le ciapadh gnéasach agus foréigean inscne-bhunaithe.

**Feiceálacht**

I ráitis maidir le straitéas, aithnítear comhionannas inscne mar luach ardleibhéal institiúideach faoi leith. Tá sé feiceálach in ócáidí, céiliúradh, tionscnaimh agus polasaithe agus próiséis institiúideacha.

Tá ról le himirt ag gach geallsealbhóir maidir le hiompair ghnéasacha dhearfacha a chur chun cinn agus comphobal freagrachta a chruthú ina bhfuil gach éinne freagrach as dul i ngleic le foréigean agus ciapadh gnéasach. San áireamh tá gach IAO; gach páirt de gach IAO (gach scoil acadúil/gach bainistíocht/gach seirbhís ghairmiúil/gach aontas mac léinn, lena n-áirítear clubanna spóirt agus cumainn); daoine aonair: gach mac léinn agus gach ball foirne.

Cuireann acadóirí sinsearacha agus bainistíocht an tábhacht a bhaineann le cur chuige institiúid-uile chun cinn maidir le hiompair ghnéasacha dhearfacha a chothú in imeachtaí agus cumarsáidí inmheánacha agus sheachtracha.

Neadóidh IAOnna an cur chuige sin trí ghníomhartha uile na n-institiúidí lena n-áirítear:

- gníomhartha for-rochtana le scoileanna
- dul i ngleic le tithe tabhairne agus clubanna óiche áitiula
- ionduchtú mac léinn, turais mhac léinn agus eolas a sholáthar do mhic léinn.

Tugtar ardfheiceálacht do sin agus déantar sin a dhearbhú go tráthrialta le teachtaireacht neamhfhulaingt glan i dtaobh ghluaiseachtaí gnéasacha neamhinmhianaithe, ciapadh gnéasach agus foréigean gnéasach.

Tá córais thuairisceoireachta agus cabhair a lorg ar fáil go héasca agus insroichte ar shuíomhgréasáin an IAO. Tá siad ardfheiceálach agus curtha chun cinn ar bhonn rialta.

## Trédhearcacht

Cruthóidh gach IAO polasaithe maidir le foréigean inscne-bhunaithe, mí-iompar gnéasach agus ciapadh gnéasach. Tá gach gníomh agus polasaí trédhearcach. Tá línte sholéire agus oscailte cumarsáide le foireann agus mic léinn, i bhforbairt agus in athbhreithniú ar pholasaithe. Tá na polasaithe ar fáil go héasca agus iad intuigthe go héasca ag foireann agus ag mic léinn.

Ba cheart go léireodh an Cód Iompair do Mhic Léinn ionchas na n-IAO de mhic léinn chomh maith le freagrachtaí na nInstitiúidí i dtaobh na mac léinn, i dtaca le cur chuige neamhfhulaingt glan maidir le foréigean gnéasach.

Tá na próisis maidir le láimhseáil gearán ar bith ar fáil do chách ar phríomhshuíomh idirlín na hInstititúide. Nuair a dhéantar tuairisciú ar fhoréigean nó ciapadh gnéasach, tá próisis shoiléire in áit maidir le taifeadadh agus na páirtithe cuí a chur ar an eolas, go hinmheánach agus go seachtrach, mar is cuí.

Tá polasaithe soléire i bhfeidhm a theastaíonn go gcoimeádtar na páirtithe a mbaineann sé leo go díreach ar an eolas maidir le dul chun cinn agus toradh an phróisis agus, in éineacht leis sin, go gcoimeádtar gach páirtí eile a mbaineann sé leo ar an eolas mar is cuí.

## Leanúnachas

Tá taithí leanúnach ag foireann agus mic léinn ar chur i bhfeidhm pholasaithe institiúideacha. Tá muinín ann go dtugfar freagra gasta ar ghearáin ar bith déanta faoi na polasaithe seo agus atá de réir na bpróiseas a leagtar amach sa pholasaí cuí.

Tá Údarás Rialaithe d'IAO ar an eolas maidir leis na polasaithe agus próisis agus tuisceanach maidir leis an bpríomhról atá acu maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leanúnach na bpolasaithe sin. Déantar sonraí institiúideacha maidir le tuairiscí a thuairisciú chuig an údarás rialaithe.

Bunaítear gach polasaí agus gníomh trasna an Chreata ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Déanfaidh institiúidí:

- cur chuige eolach ar thráma maidir le tuairiscí agus fiosrúcháin a fhorbairt; comhoibriú le geallsealbhóirí seachtracha, ina measc, eagraíochtaí pobail ag obair ar fhoréigean gnéasach, mar shampla i bhforbairt tionscnamh duine ar an láthair nó ceardlanna toilithe
- suirbhéanna rialta a chur i gcrích chun méid reatha na faidhbe a mheas ionas go ndéanfar monatóireacht a éascú agus taifead ar fhreagraí mar is cuí
- comhpháirtíochtaí le sainsheirbhísí áitiúla a chruthú chun conair athreoraithe cúraim a chruthú do mhic léinn atá leanúnach agus oiriúnach.

D'fhéadfadh páirtnéirí, Gardaí san áireamh, sainsheirbhísí agus geallsealbhóirí cuí a bheith riachtanach i dtacaíocht a thabhairt do mhic léinn, i gcinntiú go bhfuil baill foirne oilte go maith agus cineál agus scála na bhfadhbanna a théann i bhfeidhm ar mhic léinn ag am faoi leith a ríomh. Is gá d'institiúidí nascanna láidre leis na Gardaí áitiúla agus an FSS a bhunú agus a chaomhnú chun comhphairtíocht straitéiseach a fhorbairt agus a chaomhnú ionas go gcuirfear cosc ar fhoréigean gnéasach i gcoinne mhac léinn agus go dtabharfar freagra air.

**Sláine**

Ba cheart go gcloífeadh gnásanna agus próisis IAO leis na prionsabail de cheartas aiceanta. Tá an ceart ag an bheirt pháirti dá gclú féin agus mar sin tugtar meas dá gcearta i dtaobh rúndachta agus anaithnideachta (is gnéithe ar leith iad siúd a baineann le cosaint leanaí). Go tábhachtach, ní úsáidtear an prionsabal seo chun mic léinn a chur ina dtost (i gcomhaontaithe neamhnochtaithe srl.).

Reáchtáiltear próisis smachtaithe agus achomhairc go tráthúil, chun tionchar strus an phróisis ar oiliúint agus/nó ar fhorbairt gach páirtí a léiriú. Tá sé tábhachtach nach ndéanann an próiseas iarracht aithris a dhéanamh ar an gcóras dlí choiriúil.

**Cur Chuige Bunaithe ar an Mac Léinn**

Cuimsíonn an polasaí ar fhoréigean gnéasach ilchineálacht chorpas na mac léinn agus cinntíonn sé go bhfuil a bpróisis insroichte do chách. Geallann gach institiúid go dtabharfaidh siad freagra éifeachtach ar riachtanais na mac léinn trí:

- chúram agus tacaíocht a chur ar fáil
- dhul i ngleic le cosc agus tuairisceoireacht; na mic léinn a theagasc agus a chumasú
- tacú leo siúd a éigníodh nó a rinneadh ionsaí nó ciapadh gnéasach orthu.

Forbróidh IAOnna freagra nochtaithe soiléir agus insroichte d'eachtraí foréigean gnéasach agus éigniú, ag obair leis na gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha nuair is cuí. Cuirtear an polasaí in iúl don fhoireann ar fad go táthrialta, ina measc ag ionduchtú do bhaill foirne nua, agus tá sé ar fáil go héasca. San áireamh tá conair sholéir bainteach le cúram a chuireann san áireamh sonraí institiúideacha agus seirbhís tacaíochta seachtrach agus a mhíníonn do mhic léinn na roghanna éagsúla atá ar fáil dóibh. Ba cheart d'IAOnna baill foirne ábhartha a a aithint chun sainthraenáil nochtaithe a fháil ag úsáid na sainsheirbhísí seachtracha cuí.

Forbraíonn IAOnna cur chuige eolach ar thráma i dtaobh próisis fiosrúcháin ar bith (msh na cúiseanna go bhfuil moill ar thuairisceoireacht a thuiscint; an tábhacht a bhaineann le cumarsáid; tacaíocht i rith an phróisis) agus chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn leanúint lena gcuid staidéir.

Forbraíonn IAOnna conair shoiléir tacaíochta do dhaoine a gcuirtear ina leith go ndeachaigh siad i mbun fhoréigin ghnéasaigh agus tacaíocht a thabhairt dóibh i rith an phróisis fiosrúcháin; agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh leanacht lena gcuid staidéir mar is cuí.

Forbraíonn IAOnna measúnaithe soléire agus láidre riosca le cur i bhfeidhm i ndiadh tuairisce, a chuimsíonn beartais idirlinne do chosaint a thabhairt do bhaill foirne agus mic léinn eile.

Ar deireadh, is ceart go mbeadh mic léinn a fhaigheann céim ónár IAOnna in ann ról lárnach a imirt in athrú cultúrtha níos leithne in Éirinn a threorú agus a chaomhnú.

## Ó Luachanna go Cleachtais

Is í ár bhfís ann ná go mbeadh mic léinn muiníneach ina gcinnteoireacht ghnéasach féin, agus ceannasach in aird a tharraingt ar ghníomhartha do-ghlachta.

Cuireann scileanna agus tuiscint taca faoi na cumais seo, a chiallaíonn mar chuid dá ndualgas cúraim, go dtabharfaidh IAOnna tacaíocht do mhic léinn féin-éifeachtúlacht, cumas i gcinnteoireacht, féin-mhuinín, agus litearthacht maidir lena sláinte ghnéasach féin a bhaint amach.

Cuireann na coincheapa na bunluachanna, éiteas, agus aidhmeanna in iúl ar féidir tionscnaimh a mhapáil ina gcoinne, ag treorú ábhair agus cur chuige de thionscnaimh spriocdhírithe, agus rogha de bheartas toraidh. Tagann na coincheapa seo ó litearthacht bainteach le taighde agus polasaí, agus tagann siad leis an gcomhionannas, rannpháirtíocht na n-óg, cur chun cinn de shláinte dhearfach ghnéasach, agus saoirse ó fhoréigean agus ciapadh gnéasach atá mar aidhm ag an bhFráma seo. Déantar cur síos ar na príomhchoinceapa thíos.

Séard is **féin-éifeachtúlacht** ann ná cé chomh ábalta agus muiníneach a mhothaíonn an duine in úsáid scileanna (Quinn-Nilas et al., 2016; Rostosky et al., 2008). Sa chomhthéacs idir lámha againn anseo ciallaíonn sé a bheith muiníneach labhairt maidir le toiliú, dul i ngleic go dearfach le compháirtithe, agus cinnteoireacht neamhspleách ghnéasach.

Úsáideadh an coincheap de **chumas gnéasach** le cur in iúl conas oideachas shláinte ghnéasach i scoileanna a athchruthú ionas go dtiocfadh sé le riachtanais agus imní na n-óg (Hirst, 2008). Úsáidtear an coincheap i gcur chun cinn shláinte ghnéasach le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don óige i ngnóthú:

(a) easpa aiféala

(b) taithí toilteanacha gnéasacha (i.e. gan a bheith faoi éigeantas)

(c) neamhspleáchas de chinnteoireacht ghnéasach (i.e. bunaithe ar roghanna pearsanta seachas a bheith ólta nó trí phiarbhrú)

(d) úsáid iontaofa de fhrithghiniúint.

Séard is **litearthacht maidir le sláinte ghnéasach** ann ná feidhmiú an smaoinimh níos ginearálta de 'litearthacht ghnéasach' atá tar éis tionchar a imirt trasna roinnt mhaith suíomh, mar a dhéanann sé tagairt don duine a bheith ullmhaithe go hiomlán do chinnteoireacht neamhspleách. Doar le Ratzan (2000), is é an cuspóir atá le tionscnaimh shláinte ghnéasach ná "an t-eolas ceart a fháil go dtí na daoine cearta, ag an am ceart, leis an éifeacht a beartaíodh. Éilíonn sé an eolaíocht agus an ealaíon lesláinte á léiriú" (lch. 210-11). Chuir sé síos ar cheithre pháirt de chur chun cinn litearthachta maidir le sláinte:

- Margaíocht/margaíocht shóisialta, ina measc deighilt chun dul i ngleic le spriocghrúpaí faoi leith agus tacaíocht d'athrú faoi leith in iompar seachas teachtaireachtaí ginearálta.
- Oideachas, ach go háirithe idirghabhálacha spriocdhírithe chun eolas a fheabhsú, gnásanna sóisialta a athrú, agus scileanna faoi leith a chur chun cinn.
- Idirbheartaíocht, ag úsáid cur chuige institiúid/earnáil-uile ag eagrú geallsealbhóirí i dteachtaireachtaí stuama.
- Caipitiúil sóisialta, ag díriú acmhainní chun iontaoibh, scileanna agus rannpháirtíocht ghníomhach de bhaill sochaí sa phróiséas oideachais a chur chun cinn, mar shampla mar urlabhraithe, abhcóidí, nó ceannairí tuairime.

Is áis í litearthacht léirithe i gcumas pearsanta agus idirphearsanta agus mar acmhainn roinnte. Tá an ghnóthachtáil litearthachta maidir le sláinte nasctha go díreach leis an ról atá ag lucht gairme i dtacaíocht a thabhairt do thorthaí atáthar ag súil leo trí pholasaí, teachtaireachtaí, agus an eiceolaíocht a chruthaimid.

**Tacaíocht agus cabhair a bhaineann le sláinte ghnéasach a lorg**

Is féidir le 'cabhair a lorg' nó 'tacaíocht a lorg' a bheith deacair i ndiaidh ciaptha nó ionsaí de bharr bacainne ar nós náire, imní maidir le rúndacht, agus an eagla nach gcreidfí iad (Sable et al., 2006). Mar a pléadh sa Chreat seo, táthar ag súil go mbeidh bacainní i bhfeidhm i dtaobh eolais shrianta maidir le conas fadhb a thuairisciú agus sainsheirbhísí a aimsiú. Cuireann na céimeanna atá bainteach le cabhair nó tacaíocht a lorg san áireamh, de ghnáth:

- Céim 1: Feasacht agus creidimh – Tuiscint agus breithiúnas mac léinn, an cumas ciapadh, ionsaí, nó éigniú a shainmhíniú agus a aithint.
- Céim 2: An gá le cabhair a léiriú – taithí maidir le stiogma (féin-stiogma san áireamh), ionchais maidir le nochtadh, tuairisciú agus cabhair a lorg.
- Céim 3: Eolas ar fhoinsí cabhrach agus conas cabhair a fháil – eolas maidir le seirbhísí atá ar fáil ar champas agus as campas a aimsiú.
- Céim 4: Sástacht an chabhair atá ar fáil a aimsiú – féin-éifeachtúlacht maidir le cabhair a lorg, cinntí a dhéanamh maidir le buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le tuairisciú agus cabhair a lorg go pearsanta.

# Treoirlínte d'Institúidí Ardoideachais

Tugann an pháirt seo moltaí agus treoirlínte d'IAOnna in Éirinn i bhfreagra réamhghníomhach, cuimsitheach, ar feadh na bliana a fhorbairt, leis an aidhm chun foréigean gnéasach a chosc, toiliú gníomhach, dearfach a chur chun cinn, agus cultúr campais a thagann le haidhmeanna an Chreata seo a bhunú.

Ba cheart go ndéanfadh Grúpa Oibre tiomanta i ngach institiúid maoirseacht ar an obair seo. Baineann roinnt den mhéid thíos leas as cleachtais atá ann cheana in institiúidí atá chun tosaigh sa réimse seo.

Baineann na treoirlínte seo leas chomh maith as obair American Colleges Health Association (AHCA).

## 1. OILIÚINT AGUS OIDEACHAS

Ceardlanna ar feadh na bliana bunaithe ar oideachas sna réimsí a leanas:

- – Caidrimh shláintiúla
- – Toiliú gníomhach: tuiscint agus scileanna
- – Straitéisí Idirghabhálacha Duine ar an Láthair.

- Straitéisí traenála maidir le toiliú gníomhach agus duine ar an láthair a chur san áireamh mar chuid den phacáiste tuisceana agus scileanna don dámh, don fhoireann, agus do mhic léinn.
- Traenáil leanúnach curtha ar fáil do gach ball foirne agus mac léinn, clár ceannaireachta san áireamh.
- Clár oiliúna d'fhoireann agus do mhic léinn ar phríomhchoincheapa agus próisis (ina measc sainmhínithe ar thoiliú, foréigean gnéasach; tacaíocht do nochtadh; córas d'eachtraí a thuairisciú; próisis leighis agus dlí i ndiaidh ionsaithe, Aonad Ionsaí Gnéasach agus Leighis san áireamh, cearta dlí d'íospartaigh).
- Dianchlár oiliúna spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine aonair agus grúpaí ar champas le freagracht ar leith (m.sh. foireann lóistín, traenálaithe spóirt, foireann slándála, seirbhísí mac léinn, mar is cuí).
- Acmhainní ar líne a fhorbairt – le haitheantas/suaitheantas digiteach/deimniúcháin curtha ar fáil ag an institiúid – gur féidir a sholathár ag an Seisiún Treorach nó i rith na bliana acadúla.
- Rochtain ar thraenáil a chur ar fáil do gach ball foirne maidir le freagra a thabhairt ar mhac léinn atá in anacair.
- An Grúpa Oibre Institiúideach le hanailís a threorú maidir le príomhdheiseanna chun dul i ngleic le mic léinn agus foireann. Mar shampla, maidir le mic léinn, chun oideachas a chur ar fáil laistigh den sceideal ionduchtaithe, i dtreorú maidir le lóistín IAO, sa churaclam, i dtraenáil do chlubanna spóirt, cumainn mac léinn, agus ionadaithe ranga.
- Tugtar tosaíocht do chláir ionduchtaithe ghaolmhara sa sceidealú, á soláthar ag pearsanra traenáilte agus measúnaithe go rialta.
- Soláthar de phacáistí Ionduchtaithe leis an méid a leanas a thógáil san áireamh:
  - – Ceardlanna idirghníomhacha, dírithe ar an mac léinn, maidir le toiliú gníomhach agus idirghabháil ag duine ar an láthair
  - – Sonraí de sheirbhísí pobail agus campasbhunaithe
  - – Treoirlínte maidir le heachtraí de chiapadh gnéasach, mí-úsáid, foréigean agus éigniú a thuairisciú; le sonraí de pholasaithe agus próisis chuí institiúideacha a thógáil san áireamh
  - – Pacáiste eolais maidir le reachtaíocht, a thógann san áireamh na dlíthe coiriúla cuí, cearta íospartaigh agus iarmhairtí do dhéantóirí coire.

### 2. TEACHTAIREACHTAÍ LEANÚNACHA

- Teachtaireachtaí seasmhacha ar feadh na bliana a úsáideann na meáin shóisialta, póstaeir ar fud an champais agus lóistín a fhorbairt.
- Láithreacht a fhorbairt ag ócáidí shóisialta san ollscoil.
- Comhnascanna le hAontas na Mac Leinn chun feachtasaíocht sheasmhach a fhorbairt trasna a mhéid ardáin agus gur féidir.
- Comhchomhdháil bhliantúil.

### 3. TIONSCNAIMH SCOIL/AONAD-BHUNAITHE

- Ceannaireacht atá scoil/aonad-bhunaithe a aithint chun dul i ngleic leis an gCreat, m.sh., i gcásanna faoi leith le sliotáin ama a aithint le go nglacfaidh grúpaí mac léinn páirt san oiliúint.
- Seaimpíní atá scoil/aonad-bhunaithe agus/nó pointí teagmhálacha do nochtadh/treorú/eolas mac léinn nó foireann a spreagadh.
- Córas a fhorbairt le go n-aithneofar seaimpíní foirne/mac léinn go héasca.

### 4. SEIRBHÍSÍ DO MHIC LÉINN

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach go ndéantar eolas maidir le seirbhísí agus tacaíocht atá ar fáil a chur in iúl ionas go gcinnteofar rochtain.
- Bacainní eile maidir le rochtain ar thacaíocht a aithint agus tosaíocht a thabhairt do dhul i ngleic leo.
- Seaimpíní campais (foireann agus mic léinn) a aithint agus a thraenáil.

### 5. CÚRAM AGUS TACAÍOCHT

- Aird a tharraingt ar shábháilteacht campais (soilsiú, rochtain, láithreacht lucht slándála srl.)
- Rochtain ar fhreagra géarchéime 24 uair a chur ar fáil.
- Traenáil a chur ar fáil do 'seaimpíní' nó urlabhraí mac léinn agus baill foirne.
- Traenáil a chur ar fáil d'fhoireann (ina measc baill foirne den aonad leighis, baill foirne tosaigh maidir le taithí na mac léinn) i gcúram eolach ar thráma.

## 6. PRÓISIS DÉANTA GEARÁN

- Tarraing aird ar agus mínigh go hoiriúnach – trí litearthacht, gréasáin agus póstaeir a úsáid – próisis chun gearáin a dhéanamh, pointí teagmhálacha, torthaí ar gach rogha tuairisceoireachta.
- Pointí teagmhálacha aitheanta agus gur féidir a aithint chun glacadh le nochtadh, gearáin.
- Samplaí den bhealach gur féidir le prionsabal cothromaíochta bonn eolais a chur faoi ghníomhartha IAOnna:
    - Deis a thabhairt do réitithe idirlinne a úsáid agus a bhfuil toradh den phróiseas coiriúil/binse fostaíochta ag brath orthu.
    - Soiléireacht a chur ar fáil maidir le ról an imscrúdaitheora agus ról an phainéil/choiste.
    - Meas a léiriú ar chearta na beirte atá bainteach i dteideal ionadaíochta dlí.
    - A aithint nach próiseas coiriúil é seo agus is é an dualgas cruthúnais ná é sin a úsáidtear i gcásanna sibhialta (i.e. níos dóchúla go bhfuil ná nach bhfuil).
    - Cloí le cearta an té atá cúisithe eolas a bheith acu faoin gcás ina c(h)oinne.
    - Tá cumhachtaí na n-imscrúdaitheoirí srianta ag conradh (cód iompair)/ reachtaíocht. Níor cheart d'imscrúdaitheoirí iarracht a dhéanamh dlí coiriúil a chur i bhfeidhm.
    - Nuair is ball foirne é an té atá cúisithe, ba cheart go mbeadh an t-imscrúdaitheoir seachtrach ón institúid.
    - Ba cheart go mbeadh smachtbhannaí comhréireach leis an iompar lochtach.
    - An cearta achomharc a dhéanamh ó chinneadh ag painéal smachtaithe.

## 7. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

- Meastóireacht ar thionchar chur i bhfeidhm an Chreata, ag tógáil san áireamh tuiscint mac léinn agus foirne ar sheirbhísí agus tacaíocht, freagraí cuí, agus athruithe dearfacha i ndearcadh agus in iompar a rianú.
- Rannpháirtíocht IAOnna ina nAontas Mac Léinn i ngach cuid de Chreat institiúid-uile a fhorbairt, a chaomhnú agus a athbhreithniú.
- Meastóireacht agus monatóireacht ar thionscnaimh a forbraíodh mar chuid den Chreat a chur i gcrích, ag úsáid earraí agus tomhais shíciméadracha atá ann cheana maidir le toiliú, idirghabháil dhuine ar an láthair, dearcadh agus iompar.
- Staidéar bonnlíne ar thaithí mac léinn d'fhoréigean agus ciapadh gnéasach (m.sh Swartout et al., 2018, ARC3 multi-module assessment of campus climate, sexual harassment, assault).
- Sonraí maidir le húsáid na seirbhíse campais a thaifeadadh – mar shampla, méid na n-eachtraí nochtaithe nó tuairiscithe ag mic léinn, méid na mac léinn a bhaineann úsáid as seirbhísí comhairleoireachta gach bliain don chabhair chuí, tomhas ar mhéid na dtuairiscí go haonaid leighis na mac léinn.
- Sonraí foirne nó táscaire eile cainníochtúla mar shampla méid na mball foirne atá oilte go critéir aontaithe do nochtadh, méid na mball foirne a fhreastlaíonn ar thraenáil maidir le sláinte ghnéasach.
- Táscairí cáilíochtúla a léiríonn forbairt polasaí agus critéir do chur i bhfeidhm tionscnamh, mar shampla Grúpa Oibre Institiúideach, tionscnaimh do spriocghrúpaí ardthosaíochta – lucht na chéad bhliana, mic léinn idirnáisiúnta, iarchéimithe, srl.

# Aguisín 1

## Tagairtí agus bundoiciméid/acmhainní


American College Health Association (2016). *ACHA guidelines addressing sexual and relationship violence on college and university campuses*. Hanover, MD. Downloaded from: https://www.acha.org/documents/resources/guidelines/Addressing_Sexual_Violence.pdf

Arnett, J. (2000). Emerging adulthood: A theory of development from the late teens through the twenties. *American Psychologist*, 55, 469-480.

Centre for Disease Control USA (2014). Preventing Sexual Violence on College Campuses: Lessons from Research and Practice. Downloaded from: https://www.cdc.gov/violenceprevention/pdf/campusvsummary.pdf

Dills, J., Fowler, D., Payne, G. (2016). *Sexual violence on campus: Strategies for prevention*. Atlanta, GA: National Center for Injury Prevention and Control, Centers for Disease Control and Prevention.

Hickman, S.E., & Muehlenhard, C.L. (1999). "By the semi-mystical appearance of a condom": How young women and men communicate sexual consent in heterosexual situations. *Journal of Sex Research*, *36*, 258-272.

Hirst, J. (2008). Developing sexual competence? Exploring strategies for the provision of effective sexualities and relationships education. *Sex Education*, *8*, 399-413.

Humphreys, T. P., & Brousseau, M. M. (2010). The Sexual Consent Scale – Revised: Development, reliability, and preliminary validity. *Journal of Sex Research*, *47*, 420-428.

Jozkowski, K. N., & Peterson, Z. D. (2014). Assessing the validity and reliability of the perceptions of the consent to sex scale. *Journal of Sex Research*, *51*, 632-645.

Nutbeam, D. (2008). The evolving concept of health literacy. *Social Science & Medicine*, *67*, 2072-2078.

Office on Violence Against Women

Quinn-Nilas, C., Milhausen, R.R., Breuer, R., Bailey, J., Pavlou, M., DiClemente, R.J., & Wingood, G.M. (2016). Validation of the sexual communication self-efficacy scale. *Health Education & Behaviour 43*, 165-171.

Ratzan, S.C. (2000). Health literacy: Communication for the public good. *Health Promotion International*, *16*, 207-14.

Rostosky, S.S., Dekhtyar, O., Cupp, P.K., & Anderman, E.M. (2008). Sexual self-concept and sexual self-efficacy in adolescents: A possible clue to promoting sexual health? *Journal of Sex Research*, *45*, 277-286.

Sable, M.R,. Danis, F., Mauzy, D.L., & Gallagher, S.K. (2006). Barriers to reporting sexual assault for women and men: Perspectives of college students. *Journal of American College Health*, *55*, 157-162.

Universities UK (2015). Changing the Culture. The report of the Universities UK Taskforce examining violence against women, harassment and hate crime affecting university students. Downloaded from:

https://www.universitiesuk.ac.uk/policy-and-analysis/reports/Pages/changing-the-culture-final-report.aspx

World Health Organisation (2006). Defining sexual health: Report of a technical consultation on sexual health, 28-31st January 2000, Geneva. WHO: Geneva. Downloaded from: https://www.who.int/reproductivehealth/publications/sexual_health/defining_sexual_health.pdf

# Aguisín 2

## Sainghrúpa Comhairleach

Dr. Anne Looney – Cathaoirleach

Dr. Clíona Saidléar – Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag an Ionad Éigeandála um Éigniu
Damien McClean – Aontas na Mac Léinn in Éireann
Dr. Louise Crowley – Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Dr. Padraig MacNeela – Ollscoil Na hÉireann, Gaillimh
Dr. Sinead Ring – Kent University
Síona Cahill – Aontas na Mac Léinn in Éireann
Tara Brown – Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn /ESHTE
Dr. Andrew Power – Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dhún Laoghaire

Rúnaíocht ROS - Donna Maguire & Tim Cullinane

Ghlac na daoine sea a leanas do páirt i bhforbairt an Chreata freisin – Jennifer McCarthy-Flynn (Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn/ESHTE); Alison Kenneally (THEA); Colin Scott agus Tony McMahon (IUA); Gemma Irvine (ÚAO); Yvonne Furey agus Philip McCormack (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais); Philip Crosby (An Roinn Oideachais agus Scileanna).

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.education.gov.ie